

An  
Bord  
Pleanála

Ordú Boird  
ABP-302848-18

**Achtanna na mBóithre, 1993 go 2015**

**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2020**

**Údarás Pleanála: Comhairle Contae na Gaillimhe**

**Iarratas** ó Chomhairle Contae na Gaillimhe ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, de réir pleananna agus sonraí, lena n-áirítear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura, a taisceadh leis an mBord Pleanála an 23ú lá de Dheireadh Fómhair, 2018, arna leasú leis an bhfaisnéis bhreise a fuair an Bord Pleanála an 30ú lá de Lúnasa, 2019.

**An Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe:** Forbairt bóthair atá beartaithe ina mbeidh:

- Carrbhealach dúbailte, ina mbeidh dhá lána agus gualainn chrua i ngach treo arna roinnt ar bhacainn dheighilte.
- Carrbhealach aonair, comhdhéanta de lána amháin agus gualainn chrua i ngach treo.
- Nascbhóithre nua.
- Ailíniú / feabhsú ar bhóithre réigiúnacha, contae agus áitiúla a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair beartaithe iad.
- Oibreacha áitiúla ar na líonraí tarchurtha agus dáilte leictreachais atá ann cheana (a chuimsíonn go sonrach atreorú na seirbhísí 110kV agus 38kV).

In éineacht leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha go léir a bhaineann leo, iad uile lonnaithe i dtoghcheantair Bhearna, Bhearna (i bParóiste Sibhialta Ráthúin), Ráthún, agus ag gabháil tríd an Bhaile Nua, Foraí Maola Thiar, Foraí

Maola Thoir, Troascaigh Thiar, An Chloch Scaoilte, An Baile Ard Thoir, An Baile Ard Thiar, An Aill, An Cheapach, Baile na hAbhann Thoir, An Caorán, Baile na mBúrcach, Mionchluain, Ráthún agus Leitreach, Contae na Gaillimhe

## **Cinneadh**

**An fhorbairt bóthair thuas atá beartaithe a cheadú, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúrsaí thíos agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.**


### **Nithe a Cuireadh san Áireamh**

Agus a chinneadh á dhéanamh, d'fhéach an Bord do na nithe sin ar ceanglaíodh air, de bhua na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus na Rialachán a rinneadh fúthu, féachaint dóibh. Bhí aighneachtaí agus tuairimí a fuarthas de réir na bhforálacha reachtúla san áireamh sna nithe sin.

### **CÚISEANNA AGUS CÚRSAÍ**

Agus a chinneadh á dhéanamh aige, d'fhéach an Bord don mhéid seo a leanas:

- (a) na beartais iompair Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha lena n-áirítear Líonraí Tras-Eorpacha (TEN-T),
- (b) na forálacha ábhartha de Threoir 2011/92 / AE (Treoir EIA) ón AE agus an Treoir leasaitheach 2014/52 / AE maidir le héifeachtaí tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol a mheas, Treoir 92/43 / CEE (Treoir maidir le Gnáthóga) agus Treoir 79/409 / CEE arna leasú faoi 2009/147 / CE (Treoracha maidir le hÉin) ina leagtar amach na



ceanglais maidir le Caomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Fána agus Flóra Fiáin ar fud an Aontais Eorpaigh,

- (c) na beartais agus na cuspóirí straitéiseacha do bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, go huile díobh siúd atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 – a chuimsíonn an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta, An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, Taisteal Níos Cliste – todhchaí Iompair Inbhuanaithe, an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020, Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2017–2021 (a raibh an dá cheann faoi réir Measúnú Oiriúnachta) agus Plean Limistéir Áitiúil na nArdán,
- (d) Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016, Clár Comhtháite Bainistíochta Iompair do Chathair agus Phurláin na Gaillimhe,
- (e) dearadh, leagan amach agus ailíniú na forbartha bóthair atá beartaithe,
- (f) raon na mbeart maolaithe beartaithe atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Comhshaoil, Ráiteas Tionchair Natura, agus Sceideal na dTiomantas Comhshaoil (agus na bearta breise maolaithe maidir le bithéagsúlacht agus Measúnú Oiriúnachta arna mholadh ag na Cigirí),
- (g) na haighneachtaí a rinneadh maidir leis an iarratas,
- (h) Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Éiceolaíoch dátaithe Feabhra 2021, arna ullmhú thar ceann Bhord Thomson Environmental Consultants, Tuarascáil maidir le Measúnú Oiriúnachta dátaithe Feabhra 2021, arna ullmhú thar ceann an Bhoird ag Thomson Environmental Consultants, an Tuarascáil Hidrigeolaíochta dátaithe Bealtaine 2021, arna ullmhú thar ceann an Bhoird ag James Dodds, agus
- (i) tuarascáil agus moladh na gCigirí.

## Measúnú Oiriúnachta Céim 1:

Thug an Bord ar aird nach bhfuil aon bhaint dhíreach idir an fhorbairt bheartaithe agus bainistíocht Láithreán Eorpaigh agus níl sé riachtanach dó.

D'aontaigh an Bord leis an scagadh le haghaidh measúnacht chuí agus an chonclúid a rinneadh i dtuarascáil na gCigirí gurb iad na suíomhanna seo a leanas na Láithreáin Eorpacha ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha orthu, nó a bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith mar thoradh ar an bhforbairt a bheartaítear, nó éifeachtaí a measadh a bheith neamhchinnte: Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000297); Limistéar Choimpléacs Bhá na Gaillimhe faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000268); Limistéar Loch Coirib faoi Chosaint Speisialta (Cód Láithreáin: 004042); Limistéar Bhá na Gaillimhe faoi Chosaint Speisialta (Cód Láithreáin: 004031); Limistéar Riasc Chreig Eanaigh Mhór faoi Chosaint Speisialta (Cód Láithreáin: 004142); Limistéar Choimpléacs Phortach Chonamara faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 002034); Limistéar Choimpléacs Phortach Chonamara faoi Chosaint Speisialta (Cód Láithreáin: 004181); Limistéar Choimpléacs Loch Fionngheal faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000606); Limistéar Choimpléacs Loch agus Coillte an Rois faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 001312); Limistéar Choimpléacs Cheann Bhoirne – Pholl Salach faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000020); Limistéar Thurlach Ráth Asáin faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000322); Limistéar Thurlach Ráth Asáin faoi Chosaint Speisialta (Cód Láithreáin: 004089); Limistéar Thurlach Kiltiernan faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 001285); Limistéar Chaisleán an Táilliúraigh faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000242); Limistéar Phábháil Aolchloiche Ghort na nDarach faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 001271); Limistéar Fhéarach Ard Raithin faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 002244); Limistéar Shliabh Mhóinín faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000054); Limistéar Choimpléacs Bhoirne Thoir faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 001926); Limistéar Shléibhte Mhám Toirc faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 002008); Limistéar Choimpléacs na mBeanna Beola/an Gharráin faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 002031).

## **Measúnú Oiriúnachta Céim 2:**

Bhreithnigh an Bord an Ráiteas Tionchair Natura agus na doiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach leis an iarratas ar cheadú, na bearta maolaithe atá ann, na haighneachtaí agus na tuairimí ar comhad, lena n-áirítear an freagra faisnéise breise agus na haighneachtaí a rinneadh chuig an éisteacht ó bhéal, agus rinne sé Measúnú Oiriúnachta ar impleachtaí na forbartha bóthair atá beartaithe do Láithreáin Eorpacha i bhfianaise na gCuspóirí Caomhnaithe do na suíomhanna. Mheas an Bord go raibh an fhaisnéis a bhí ann leordhóthanach chun gur féidir Measúnú Oiriúnachta a dhéanamh agus chun ligean dó teacht ar chonclúidí iomlána, beachta agus deifnídeacha maidir le Measúnú Oiriúnachta.

Agus an measúnú á tabhairt chun críche aige, bhreithnigh an Bord, go háirithe, na tionchair dhíreacha agus indíreacha dóchúla ag eascairt as an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ina n-aonair nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, na bearta maolaithe a chuimsítear mar chuid den togra reatha, agus na bearta maolaithe breise a mhol na Cigirí agus na Cuspóirí Caomhnaithe do na Láithreáin Eorpacha. Agus an Measúnú Oiriúnachta á tabhairt chun críche aige, ghlac an Bord leis an Measúnú Oiriúnachta a rinneadh i dtuarascáil na gCigirí ar éifeachtaí féideartha na forbartha bóthair beartaithe ar na Láithreáin Eorpacha thuasluaite, ag féachaint do Chuspóirí Caomhnaithe na suíomhanna. Mar chonclúid fhoriomlán, bhí an Bord sásta nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe drochthionchar a imirt ar shláine na Láithreán Eorpach i bhfianaise Chuspóirí Caomhnaithe na láithreán agus níl aon amhras eolaíoch réasúnach ann maidir le heaspa éifeachtaí den sórt sin.

## **Measúnú Tionchair Timpeallachta:**

Chríochnaigh an Bord Measúnú Tionchair Timpeallachta ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus aird á tabhairt ar:

- (a) cineál, scála, suíomh agus méid na forbartha bóthair atá beartaithe,

- (b) an Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus na cáipéisí gaolmhara curtha isteach mar thaca leis an iarratas phleanála, lena n-áirítear an freagra breise faisnéise,
- (c) na haighneachtaí a fuarthas le linn an iarratais phleanála agus ag an éisteacht ó bhéal,
- (d) an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíoch dar dáta Feabhra 2021, a d'ullmhaigh Thomson Environmental Consultants thar ceann an Bhoird agus an Tuarascáil Hidrigeolaíochta dar dáta Bealtaine 2021, a d'ullmhaigh James Dodds thar ceann an Bhoird, agus
- (e) tuarascáil na gCigirí.

Mheas an Bord go ndéanann an Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta, le tacaíocht ó na doiciméid a chuir an t-iarratasóir isteach, breithniú leordhóthanach ar roghanna eile seachas an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus go n-aithnítear agus go ndéantar cur síos leordhóthanach ar éifeachtaí díreacha, indíreacha, tánaisteacha agus carnacha na forbartha bóthair beartaithe ar an gcomhshaol. D'aontaigh an Bord leis an scrúdú, a leagtar amach i dtuarascáil na gCigirí, ar an bhfaisnéis atá sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus ar na doiciméid ghaolmhara a chuir an t-iarratasóir isteach agus na haighneachtaí a rinneadh le linn an iarratais phleanála.

#### **Conclúidí Stuama ar na hÉifeachtaí Suntasacha:**

Mheas an Bord gur chuir an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, le tacaíocht ó na doiciméid a chuir an t-iarratasóir isteach le linn an iarratais phleanála, faisnéis ar fáil atá réasúnta agus leordhóthanach chun ligean don Bhord teacht ar chonclúid réasúnaithe ar éifeachtaí suntasacha an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an gcomhshaol, ag cur san áireamh eolas reatha agus modhanna measúnaithe. Bhí an Bord sásta go bhfuil an fhaisnéis atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta cothrom le dáta agus go gcomhlíonann sí forálacha Threoir

CMB



2011/92/AE (Treoir EIA) ón AE agus Threoir leasaitheach 2014/52/AE. Mheas an Bord gurb iad príomhéifeachtaí díreacha agus indíreacha na forbartha bóthair atá beartaithe ar an gcomhshaol iad siúd a eascraíonn as na tionchair atá liostaithe thíos, agus féadfar cuid acu a sheachaint, a mhaolú nó díriú orthu ar bhealach eile trí choinníoll.

### **Daonra agus Sláinte an Duine:**

**Cailliúint áiteanna cónaithe:** Tá sé beartaithe 54 áit chónaithe a fháil, nó a fháil agus a scartáil, chun slí a dhéanamh don tionscadal seo. Beidh tionchar diúltach buan suntasach as cuimse aige seo ar úinéirí tí. Ní dhéanfar an tionchar seo a sheachaint, a mhaolú nó ní dhíreofar air ar bhealach eile trí choinníoll.

**Scoilteadh Pobail (lena n-áirítear na ceantair Ghaeltachta):** Mar thoradh ar an gcaillteanas beartaithe de 54 áitreabh mar gheall ar bhraislí tithe a chaillfear i gceantair mar Na Foráí Maola/Troscaigh, An Caisleán Gearr, An Daingean, beidh tionchar scoilte ar na pobail atá fágtha a mbeidh tionchar diúltach fadtéarmach suntasach aige nach mbeifear in ann a sheachaint, a mhaolú nó díriú ar bhealach eile trí choinníoll.

Beidh tionchair dhearfacha fadtéarmacha ann do roinnt pobail atá scartha faoi láthair mar gheall ar líon an tráchta toisc go laghdóidh an trácht i sráidbhailte, mar shampla i mBearna agus sa Chaisleán Gearr, trína dtabharfar rochtain níos éasca do choisithe agus do rothaithe agus áiseanna níos fearr do na daoine is leochailí.

Sa chás go ndéanfar mionbhóithre a dhúnadh (m.sh. Bóthar Ann Gibbons), malairt slí nó slí nua a chur ar fáil, beidh tionchar diúltach meántéarmach go fadtéarmach suntasach aige ag brath ar dhlús na forbartha agus fad na slí nua. Ní dhéanfar é seo a sheachaint, a mhaolú nó ní dhíreofar air ar bhealach eile trí choinníoll.

Le linn na tógála, beidh fadhbanna diúltacha agus gearrthéarmacha beaga maidir le scoilteadh mar thoradh ar thrácht tógála a mhaolófar trí bhearta a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta ar an Timpeallacht Tógála (CEMP).

**Áiseanna Ginearálta:** Beidh tionchair dhiúltacha ghearrthéarmacha idir bheag go measartha, ann le linn na tógála ar thaitneamhachtaí ginearálta in áiteanna mar Rosán Glas, Gort na Bro agus séipéal agus scoil Pháirc na Sceach mar thoradh ar thrácht, torann agus deannach tógála feadh bealaí tarlaithe. Maolófar iad seo trí bhearta a leagtar amach i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil chomh maith leis an CEMP. Le linn na hoibríochta beidh tionchar beag diúltach ar thaitneamhachtaí.

Le linn na tógála, beidh tionchair dhiúltacha shuntasacha ar an daonra a úsáideann **Campas Spóirt NUIG** mar thoradh ar chailliúint páirceanna imeartha, mionathruithe ar an bpailliún spóirt chomh maith le torann agus tionchair amhairc. Maolófar iad seo trí úsáid a bhaint as gnáthchleachtais tógála mar a shonraítear i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil agus sa CEMP. Le linn na hoibríochta, beidh tionchar measartha fadtéarmach ar thaitneamhachtaí ginearálta an champais spóirt a mhaolófar trí cheart slí agus rochtain ar na tailte faoin tarbhealach a sholáthar chomh maith le bearta maolaithe torainn.

Le linn na tógála, beidh rochtain theoranta ar **bhruach na habhann** sa Daingean agus beidh tionchair torainn agus amhairc ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe. Maolófar iad seo trí úsáid a bhaint as gnáthchleachtais tógála mar a shonraítear i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil agus sa CEMP. Ní chuirfear srian iomlán ar rochtain ar bhruach na habhann ag am ar bith. Beidh na tionchair le linn na tógála measartha diúltach agus gearrthéarmach. Le linn na hoibríochta, áireofar sna bearta maolaithe na bacainní fásra agus torainn atá ann a choinneáil. Beidh tionchair fhadtéarmacha measartha go diúltach go suntasach mar gheall ar chailliúint taitneamhachta go ginearálta.

Is féidir tionchair thógála agus oibríochta ar **Ráschúrsa na Gaillimhe** a sheachaint trí bhearta lena n-áirítear stáblaí sealadacha a sholáthar agus deireadh a chur le hoibreacha le linn séasúir na féile.

**Socheacnamaíoch:** Le linn na tógála, beidh roinnt tionchair ghearrthéarmacha diúltacha ann do ghnólachtaí mar thoradh ar thorann agus deannach a mhaolófar trí bhearta a leagtar amach sa CEMP. Ní dhéanfar scartáil roinnt réadmhaoine



tionsclaíocha agus tráchtála a sheachaint, a mhaolú nó ní dhíreofar orthu ar bhealach eile trí choinníoll. Le linn na hoibríochta, beidh tionchair dhearfacha shuntasacha ann maidir le hamanna turais, iontaofacht turais agus taitneamhachtaí.

**Saintréithe Turas:** Le linn na tógála beidh roinnt tionchair ghearrthéarmacha measartha diúltacha ar thurais mar thoradh ar bhóithre a dhúnadh nó malairt slí, a mhaolófar tríd an bPlean Bainistíochta Tráchta. Le linn na hoibríochta beidh tionchair dhearfacha bhuana shuntasacha ag an mbóthar i dtéarmaí amanna turais feabhsaithe, iontaofacht turais agus taitneamhachtaí turais. Beidh nascacht fheabhsaithe ar fud na cathrach agus lasmuigh de agus scaoilfear acmhainn bóthair ag éirí as sin le haghaidh córacha eile iompair trí lár na cathrach agus na bruachbhailte istigh.

**Sláinte:** Le linn na tógála, maolófar tionchair fhéideartha ar shláinte a eascróidh as astaíochtaí aeir, torainn agus uisce trí úsáid a bhaint as cleachtais tógála atá leagtha amach sa CEMP agus tiomantais mar atá leagtha amach i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil. Le linn na hoibríochta, seachnófar tionchair ag féachaint do chomhlíonadh an tionscadail le caighdeáin aeir agus torainn mar atá leagtha amach i dTreoirínte um Bonneagar Iompair Éireann.

#### **Bithéagsúlacht:**

Éifeacht iarmharach shuntasach ar ghnáthóga mar thoradh ar **ghnáthóg tosaíochta larscríbhinn I a chailliúint** (lasmuigh d'aon Láithreán Eorpach) a chuimsíonn Pábháil Aolchloiche [\* 8240], Bratphortach gníomhach [\* 7130], agus Earrach Clochraithe [\* 7220] nach féidir a sheachaint, a mhaolú ná díriú air ar bhealach eile trí choinníoll.

Éifeacht iarmharach shuntasach ar ghnáthóga mar thoradh ar **ghnáthóg tosaíochta larscríbhinn I a chailliúint** (lasmuigh d'aon Láithreán Eorpach), lena n-áirítear Fraoch Fliuch larscríbhinn I [4010], agus gnáthóga eile a bhfuil luach idirnáisiúnta go háitiúil acu, lena n-áirítear laistigh de cheantair atá ainmnithe mar Limistéir

Bhithéagsúlachta Áitiúla, nach féidir a sheachaint, a mhaolú go hiomlán, ná díriú air ar bhealach eile trí choinníoll.

Éifeacht iarmharach shuntasach mar thoradh ar chailliúint, nó damáiste do, ceithre speiceas plandaí agus speiceas inveirteabrach amháin atá ar áireamh i **leabhair sonraí dearga na hÉireann**, nach féidir a sheachaint, a mhaolú ná a láimhseáil ar bhealach eile trí choinníoll.

Éifeacht iarmharach shuntasach ar an **gcrú-ialtóg bheag, ar an iora rua agus ar an gcat crainn** nach féidir a sheachaint, a mhaolú go hiomlán, ná díriú air ar bhealach eile trí choinníoll.

#### **Talamh, Ithir, Uisce, Aer agus Aeráid:**

**Talamh agus Ithreacha:** Beidh tionchar diúltach suntasach ar an ngeolaíocht mar thoradh ar limistéir bheaga pábhála aolchloiche (gnáthóg larscríbhinn I) a chailliúint lasmuigh de Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000297) nó aon Láithreán Eorpach eile. Ní dhéanfar an tionchar seo a sheachaint, a mhaolú ná ní dhíreofar air ar bhealach eile trí choinníoll. Baineann an caillteanas seo go príomha le cnuchairí a thógáil do tharbhealach a rachaidh thar limistéar níos mó de phábháil aolchloiche.

Beidh tionchair ag baint le cailliúint ithreach feadh an bhealaigh agus úsáid acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear tathagú, chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil. Maolófar é seo trí ábhar tochailte sa phróiseas tógála a athúsáid agus trí limistéir fosaithe ábhair a chruthú le haghaidh ábhar iomarcach/mí-oiriúnach agus cruthú gnáthóige. Seachnófar, bainisteofar agus/maolófar tionchair eile chéim na tógála, lena n-áirítear éilliú ithreach, tionchair phléasctha, oibreacha tolláin, cobhsaíocht fána agus tionchair ar chréif, trí na bearta atá mar chuid den scéim atá beartaithe agus na bearta maolaithe beartaithe (lena n-áirítear an CEMP agus Sceideal na dTiomantas Comhshaoil).

*CMG*

**Hidrigolaíocht:** Beidh tionchair ar roinnt toibreacha atá ann cheana a chaillfear mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Maolófar é seo trí thoibreacha athsholáthair, foinsí uisce malartacha nó cúiteamh a sholáthar, de réir mar is cuí. Maolófar na tionchair ar cháilíocht screamhuisce trí chur i bhfeidhm an CEMP, lena n-áirítear an Prótacal Carst agus an Plean um Rialú Dríodair, Creimeadh agus Truailithe gaolmhar le linn chéim na tógála, agus sa chéim oibríochta trí dhearadh an chórais draenála, lena n-áirítear linnte tanúcháin agus cóireála uisce, bogaigh agus scaoileadh rialaithe. Beidh tionchair ar leibhéil screamhuisce mar gheall ar dhí-uisciú agus athlónadh, ach maolófar iad trí rith chun srutha a choinneáil laistigh den abhantrach uisce céanna nó i gcorp screamhuisce agus i gceantair, mar Thollán Leacaigh, trí uainiú na n-oibreacha tógála chun an gá le dí-uisciú a sheachaint. Maolófar tionchair struchtúracha ar áitribh i gcomharsanacht limistéar ina n-ísleofar leibhéil screamhuisce agus déanfar monatóireacht orthu le suirbhéanna ar riocht na réadmhaoine. Seachnófar tionchair ar ghnáthóga atá spleách ar screamhuisce trí ailíniú agus dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe nó maolófar iad trí bhearta mar rialú sreafa agus bearta rialaithe truailithe. Ní ísleofar screamhuisce laistigh de choirp screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga atá spleách ar screamhuisce laistigh de Láithreán Eorpach.

**Hidreolaíocht:** Maolófar tionchair ar cháilíocht uisce le linn chéim na tógála trí chur i bhfeidhm an CEMP, lena n-áirítear an Plean Freagartha Teagmhas agus an Plean Rialaithe Creimeadh agus Truailithe Dríodair, chomh maith le trí thoiliú agus comhairliúchán riachtanach a fháil le comhlachtaí forordaithe. Seachnófar agus maolófar tionchair ar an soláthar uisce do Ghléasra Cóireála Uisce Thír Oileáin trí chur i bhfeidhm an CEMP, trí chomhairliúchán agus trí idirchaidreamh leanúnach le hUisce Éireann agus trí oibreacha a dhéanamh de réir modhanna agus treoir thógála dea-chleachtais.

Le linn na céime oibríochta, maolófar tionchair ar cháilíocht uisce a eascróidh as rith chun srutha bóthair nó doirteadh de thaisme trí dhearadh an chórais draenála don fhorbairt bóthair atá beartaithe a fhreagraíonn do na geolaíochtaí éagsúla sa cheantar agus, go háirithe, úsáid linnte tanúcháin, linnte lonnaíochta, leapacha giolcach, abhantraigh insíothlaithe agus meicníochtaí rialaithe sreafa. Maolófar

tionchair riosca tuile gar do Bhóthar Thuama an N83 ag Claí an Dá Mhíle trí stóráil cúitimh tuile, trí dhraenáil stoirme a sholáthar ar an N83 ag an láthair seo agus stáisiún caidéalaithe le scaoileadh chuig an séarach stoirme atá ann.

**Torann agus Creathadh:** Tiocfaidh tionchair torainn agus tonnchreatha chun cinn le linn chéim na tógála, lena n-áirítear ó oibríochtaí pléasctha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghabhdóirí cónaithe agus gabhdóirí íogaire eile. Déanfar na tionchair fhéideartha seo a sheachaint, a bhainistiú agus a mhaolú trí na bearta atá mar chuid den scéim bóthair atá beartaithe, na bearta maolaithe agus monatóireachta atá beartaithe, trí dhálaí oiriúnacha agus fad réasúnta gearrthéarmach chéim na tógála agus nádúr líneach na forbartha bóthair atá beartaithe.

Le linn na céime oibríochta, comhlíonfaidh tromlach na ngabhdóirí atá íogair ó thaobh torainn an sprioc dhearaidh atá leagtha amach i dTreoirínte um Bonneagar Iompair Éireann a luaite a ionchorpraítear bearta maolaithe torainn, amhail bacainní torainn agus dromchla an bhóthair le torann íseal. Beidh tionchair dhearfacha ann freisin ar líon mór gabhdóirí ar an ngréasán bóithre atá ann cheana mar gheall ar laghdú ar mhéid an tráchta ar na bóithre atá ann cheana. Beidh tionchar torainn iarmharach ag líon teoranta réadmhaoine atá níos mó ná Sprioc Dhearaidh Bhoneagar Iompair Éireann. Ag tabhairt dá haire forálacha Threoirínte Bonneagar Iompair na hÉireann maidir le cás den sórt sin, agus an gá le soláthar agus scála na mbacainní torainn a chothromú le nithe eile, amhail tionchar amhairc, ní bheadh aon tionchair torainn nó creatha díreach, indíreach nó carnach do-ghlactha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

**Cáilíocht Aeir agus Aeráid:** Seachnófar, bainisteofar agus maolófar tionchair fhéideartha ar cháilíocht an aeir trí na bearta atá mar chuid den scéim atá beartaithe, na bearta maolaithe beartaithe atá leagtha amach sa CEMP agus na tiomantais atá leagtha amach i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil agus trí dhálaí oiriúnacha. Is dóigh go mbeidh tionchar diúltach suntasach ar astaíochtaí carbóin agus ar aeráid nach ndéanfar a mhaolú go hiomlán mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ina haonar ná go carnach le tionscadail aitheanta eile.

## **Sócmhainní Ábhair:**

**Trácht agus Iompar:** Déanfaidh an CEMP tionchair fhéideartha a bhaineann le trácht tógála a sheachaint nó a mhaolú, lena n-áirítear an Plean Bainistíochta Trácht Tógála.

Le linn na céime oibríochta, beidh tionchair dhearfacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar phlódú trácht, amanna turais ar phríomhbhealaí sa líonra iomlán agus ar an gcóimheas idir sreabhadh agus toilleadh ag aomhail lárnacha. Éascóidh sé freisin cur i bhfeidhm beart éagsúil atá laistigh de Straitéis Iompair na Gaillimhe chun taisteal gníomhach agus soláthar iompair phoiblí sa chathair a mhéadú agus beidh tionchar dearfach aige ar sciar an mhodha iompair inbhuanaithe nuair a dhéanfar é a mheas in éineacht le bearta eile i Straitéis Iompair na Gaillimhe a dtacóidh sé leo. Cuideoidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe leis an réamhaisnéis shuntasach fáis daonra agus fostaíochta don chathair a chumasú trí naisc bhreise a chur leis an líonra bóithre, lena n-áirítear trasnú abhann nua agus naisc idir bealaí gathacha éagsúla a fhreastalaíonn ar an gcathair, trína gcuirfear feabhas ar inrochtaineacht agus trína soláthrófar bunús d'fhás dlúth na cathrach.

**Tírdhreach agus Amhairc:** Mar thoradh ar chéim thógála na forbartha bóthair atá beartaithe beidh raon tionchair tírdhreacha agus amhairc ar tírdhreacha agus gabhdóirí áirithe, lena n-áirítear tionchair shuntasacha agus tromchúiseacha. Beidh éifeacht theoranta ag na bearta maolaithe a mholtar le linn na céime seo mar gheall ar scála agus nádúr na forbartha bóthair atá beartaithe, agus leanfaidh tionchair dhiúltacha tírdhreacha agus amhairc le linn na céime tógála.

Le linn na céime oibríochta tosaigh, leanfaidh tionchair tírdhreacha agus amhairc ar aghaidh, ach de ghnáth laghdóidh tábhacht agus déine na dtionchar seo le himeacht ama de réir mar a thiocfaidh na tograí maolaithe tírdhreacha beartaithe chun bheith bunaithe agus éirí níos éifeachtaí ag scagadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus / nó á ionchorprú sa tírdhreach. Leanfaidh tionchair dhiúltacha suntasacha agus tromchúiseacha amhairc de bheith ag teacht chun cinn i gcás go leor réadmhaoine cónaithe atá suite gar do theorainn na forbartha bóthair beartaithe nó

atá tadhlach léi agus, go háirithe, i gcomharsanacht na mórstruchtúr innealtóireachta ag an gcéim iar-bhunaithe. Leanfaidh iarmhairtí iarmharacha suntasacha ar charachtar an tírdhreacha de bheith ag teacht chun cinn i roinnt áiteanna. Ní mhaolóidh na bearta maolaithe beartaithe agus, go háirithe, na tograí fairsinge agus cuimsitheacha um plandú tírdhreacha na tionchair shuntasacha nó tromchúiseacha seo go hiomlán; maolóidh siad na tionchair go pointe áirithe, áfach, agus méadóidh sé seo le himeacht ama de réir mar a aibíonn an plandú.

Beidh tionchair amhairc iarmharacha shuntasacha ann freisin i ngleann Abhainn na Gaillimhe ag Caisleán Mhionlaigh agus i gCampas Spóirt NUIG, go príomha mar gheall ar an gcur isteach amhairc a bhaineann le Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus an tarbhealach gaolmhar.

**Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta agus Cultúrtha:** Beidh tionchair dhíreacha agus indíreacha dhiúltacha suntasacha ar roinnt suíomhanna seandálaíochta agus oidhreachta tógtha a mhaolófar trí thaifid mhionsonraithe grianghrafadóireachta agus scríofa a dhéanamh sula dtógfar iad agus trí thrinse tástála agus monatóireachta a úsáid. Maolófar nó seachnófar tionchair fhéideartha ar ghnéithe seandálaíochta anaithnide trí mhonatóireacht a dhéanamh ar oibreacha tógála ag seandálaí agus tochair, nuair is cuí. Beidh tionchar tromchúiseach freisin ar Struchtúr Cosanta (teachín ceann tuí; BH12), a mholtar a scartáil, agus nach ndéanfar a mhaolú go hiomlán trí thaifead a ullmhú.

**Sócmhainní Talmhaíochta:** Beidh raon tionchar diúltach ag fáil na talún a theastaíonn chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil, lena n-áirítear tionchair shuntasacha agus tromchúiseacha ar úinéirí talún. Beidh tionchair dhiúltacha suntasacha nó tromchúiseacha ar roinnt fiontar feirme agus fiontar eachaí mar gheall ar shaincheisteanna amhail scoilteadh, tionchair ar inmharthanacht feirme, cur isteach agus tionchair ar infhaighteacht seirbhísí. Ní dhéanfar cailliúint talún a sheachaint, a mhaolú nó ní dhíreofar air ar bhealach eile trí choinníoll. Maolaítear na héifeachtaí mar gheall ar scoilteadh talún go pointe trí sholáthar socruithe agus seirbhísí rochtana malartacha a bheartú; mar sin féin, i gcás na bhfiontar talmhaíochta a mbeidh drochthionchar suntasach nó tromchúiseach orthu, is dóigh



go mbeidh athruithe móra ag teastáil ar a gcuid oibríochtaí, bainistíochta agus scála, agus níl aon mhaolú ar an tionchar seo laistigh den phróiseas Measúnaithe Tionchair Timpeallachta.

### **Sócmhainní Neamhthalmhaíochta:**

**Cailliúint áiteanna cónaithe:** Tá sé beartaithe 54 áit chónaithe a fháil, nó a fháil agus a scartáil, chun slí a dhéanamh don tionscadal seo. Beidh tionchar diúltach buan suntasach as cuimse aige seo ar úinéirí tí. Ní dhéanfar an tionchar seo a sheachaint, a mhaolú nó ní dhíreofar air ar bhealach eile trí choinníoll.

**Foirgnimh thráchtála agus thionsclaíochta:** Níl aon mhaolú ann maidir le cailliúint foirgneamh tráchtála agus thionsclaíochta sa phróiseas Measúnaithe Tionchair Timpeallachta. Beidh tionchar measartha go suntasach mar thoradh air seo. Ní dhéanfar an tionchar seo a sheachaint, a mhaolú nó ní dhíreofar air ar bhealach eile trí choinníoll. Beidh tionchair tógála ar roinnt gnólachtaí a mhaolófar trí úsáid a bhaint as gnáthchleachtais tógála mar atá mionsonraithe i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil agus sa CEMP.

**Foirgnimh Phoiblí agus Pobail:** Le linn na tógála, is féidir astaíochtaí torainn agus aeir a mhaolú trí ghnáthchleachtais tógála a úsáid mar a shonraítear i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil agus sa CEMP agus mar choinníoll. Le linn na hoibríochta, beidh tionchair dhearfacha ar Ráschúrsa na Gaillimhe trí rochtain bhuan ó Nascbhóthar Parkmore.

**Fóntais:** Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe athlonnófar roinnt fóntas. Is féidir an tionchar seo a mhaolú trí ghnáthchleachtais tógála a úsáid mar a shonraítear i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil agus sa CEMP agus mar choinníoll.

D'ainneoin na dtionchar iarmharach diúltach suntasach maidir le hábhair chomhshaoil éagsúla, mar atá leagtha amach thuas, meastar nach bhféadfaí diúltú ar bhonn na dtionchar comhshaoil seo ag féachaint do na buntáistí foriomlána a

bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear a tábhacht straitéiseach aitheanta ag leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, a ról maidir le plódú a mhaolú agus ar an gcaoi sin tacú le bearta iompair inbhuanaithe Straitéis Iompair na Gaillimhe, agus a chumasú do Ghaillimh fás ar bhealach níos dlúithe, mar a shainaithnítear sa Chreat Pleanála Náisiúnta.

Maidir leis an drochthionchar suntasach ar astaíochtaí carbóin agus ar an aeráid, tugtar faoi deara go dtagann sé seo chun cinn mar gheall ar íogaireacht na timpeallachta glactha. Ag tabhairt faoi deara ról na forbartha bóthair atá beartaithe maidir le cur i bhfeidhm bhearta taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí a éascú, mar atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe, agus a ról i dtacú le forbairt dhlúth agus níos inbhuanaithe na cathrach, ní mheastar go mbainfeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe an bonn d'oibleagáidí aeráide na hÉireann nó teacht salach orthu ar an ábhar go mbeadh cur chuige leathan earnála agus geilleagair ag teastáil chun gníomhaíocht aeráide a chur i gcrích. Gheall Éire go mbeidh sí neodrach/nialasacha ó thaobh na haeráide faoi 2050 agus is féidir astaíochtaí carbóin a bhaineann le tionscadail bhonneagair riachtanacha, amhail an fhorbairt bóthair atá beartaithe, arb ionann é agus thart ar 0.1% d'oibleagáidí 2030 na hÉireann, a mhaolú trí lagduithe ar réimsí eile de réir mar a thagann meicníochtaí, ar nós na cánach carbóin agus buiséid charbóin chun bheith ann agus déanfar iad a mhaolú níos mó sa chéim oibríochta de réir mar a ghlactar feithiclí leictreacha.

### **Pleanáil Cheart agus Forbairt Inbhuanaithe:**

Meastar, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos, go mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe de réir na mbeartas pleanála Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus áitiúil, go bhfuil riachtanas, údar agus cuspóir na forbartha bóthair beartaithe léirithe go leordhóthanach, go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe inghlactha maidir leis na héifeachtaí dóchúla a bheidh aici ar an gcomhshaol agus go mbeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe, dá bhrí sin, i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

## COINNÍOLLACHA


1. Déanfar an fhorbairt bóthair agus cuirfear i gcrích í de réir na bpleananna agus na sonraí a taisceadh leis an iarratas, arna leasú leis na pleananna agus na sonraí breise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Phleanála an 30ú lá de Lúnasa, 2019 agus mar a dúradh agus a soiléiríodh i Sceideal na nGealltanais Comhshaoil a chuir an tÚdarás um Bóithre faoi bhráid na héisteachta ó bhéal an 4ú lá de Shamhain, 2020, ach amháin mar a cheanglófar a mhalairt d'fhonn na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

**An chúis:** Ar mhaithe le soiléire.

2. Cuirfear na bearta maolaithe agus na gealltanais atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta, an freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise a fuair an Bord Pleanála an 30ú lá de Lúnasa, 2019 agus mar a deirtear agus a soiléiríodh tuilleadh i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil a chuir an tÚdarás um Bóithre faoi bhráid na héisteachta ó bhéal ar an 4ú lá de Shamhain, 2020 i bhfeidhm mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

**An chúis:** Ar mhaithe le soiléire agus le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair agus le héifeachtaí comhshaoil na forbartha bóthair atá beartaithe a mhaolú.

3. Déanfar na bearta maolaithe agus na tiomantais atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Natura, an freagra ar an iarraidh a fuair an Bord Pleanála ar bhreis faisnéise an 30ú lá de Lúnasa, 2019 agus mar a deirtear agus a soiléiríodh tuilleadh i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil a chuir an tÚdarás um Bóithre faoi bhráid na héisteachta ó bhéal an 4ú lá de Shamhain, 2020, agus na bearta maolaithe breise a leagtar amach in Alt 12.6.3 de thuarascáil na gCigirí, agus atá i gceangal le Sceideal a hAon den Ordú seo, a chur chun feidhme ina n-iomláine. Cuirfear sonraí gach beart maolaithe a bhaineann le Measúnú Oiriúnachta ar an gcomhad agus coinneofar iad mar chuid den taifead poiblí.



**An chúis:** Ar mhaithe le soiléire agus le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe

an cheantair agus cosaint na Láithreán Eorpach a chinntiú.

4. Leasófar an fhorbairt bóthair atá beartaithe chun an dearadh athbhreithnithe ag Nascbhóthar Parkmore a ionchorprú de réir na sonraí a chuir an tÚdarás um Bóithre faoi bhráid na héisteachta ó bhéal an 18ú lá de mhí Feabhra, 2020 maidir le *Bileog 14 as 15 maidir le hAcomhal Thoir na Cathrach den Phlean Forbartha Beartaithe Bóthair, Líníocht Uimhir 5.1.14 Eagrán 12* dar dáta an 17 Feabhra 2020.

**An chúis:** Ar mhaithe le sábháilteacht bóithre agus taitneamhacht an cheantair.

5. Fágfar ar lár na stáblaí buana atá le soláthar ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

**An chúis:** Cuimsíonn an láithreán ar a moltar na stáblaí buana a shuí, i bpáirt amháin, tailte atá faoi úinéireacht tríú páirtí atá faoi réir éadála sealadaí amháin.

6. Déanfar Sceideal na dTiomantas Comhshaoil a nuashonrú chun na nithe seo a leanas a ionchorprú:

(a) An maolú breise mar atá leagtha amach i dTábla 11.7.2 de Thuarascáil na gCigirí (cé is moite de na bearta a diúltaíodh go soiléir dóibh ann) agus atá i gceangal le Sceideal a Dó den Ordú seo,

(b) na bearta maolaithe breise a bhaineann le Measúnú Oiriúnachta atá leagtha amach i Roinn 12.6.3 de Thuarascáil na gCigirí agus i gceangal le Sceideal a hAon den Ordú seo,

(c) leasófar mír 17.19 chun a lua go ndéanfar suirbhéanna ar riocht maoiné a thairiscint do gach foirgneamh laistigh de 50 méadar ó theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe nó crios tionchair an dí-uiscthe (cibé acu is

mó) agus iad siúd atá laistigh de 150 méadar ó oibreacha pléasctha beartaithe feadh na forbartha bóthair atá beartaithe,

- (d) suiteálfar suíomh monatóireachta deannaigh breise ag nó in aice le Teach Altranais an Chaisleáin Ghearr ar feadh thréimhse na tógála agus áireofar é sa réimeas monatóireachta deannaigh,
- (e) cuirfear bealach rochtana do choisithe ar fáil ó Bhóthar Rochtana AR 13/06 go dtí an pointe trasnaithe do choisithe atá beartaithe ar Bhóthar Thuama an N83,
- (f) leasófar mír 12.7 chun an abairt deiridh a fhágáil ar lár agus le soiléiriú go dtabharfar faoi phlandáil luath, áit is féidir,
- (g) beidh gach fálú slándála timpeall na linnte tanúcháin beartaithe 2.4 méadar ar airde de chineál fálaithe palaidín, agus
- (h) tairgfídh Comhairle Contae na Gaillimhe íoc as cóiríocht mhalartach den chineál céanna d'áititheoirí Plota uimhir 123, nó é a sholáthar ar feadh ré na n-oibreacha cré i Roinn Tógála S1.

Cuirfear sonraí gach beart maolaithe a bhaineann le Measúnú Oiriúnachta ar an gcomhad agus coinneofar iad mar chuid den taifead poiblí.

**An chúis:** Ar mhaithe le soiléire agus le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair agus chun cosaint na Láithreán Eorpach a chinntiú, ar mhaithe le damáiste éiceolaíoch a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a mhaolú agus ar mhaithe le céim na tógála, tionchair chomhshaoil. sábháilteacht coisithe, taitneamhacht chónaithe agus amhairc a rialú.

## SCEIDEAL A hAON

### ***Cailleadh gnáthóige go díreach laistigh de na Láithreáin Eorpacha***

***Maolú breise:*** an limistéar atá fálaíthe ón tógáil chun Abhainn na Gaillimhe agus a fásra imill a áireamh, mar d'fhéadfadh gur gnáthóg larscríbhinn I é seo freisin, agus an fásra imill á chothabháil.

***Díghrádú gnáthóige laistigh de Láithreáin Eorpacha mar thoradh ar thruailliú ceimiceach, torann, deannach, solas, scáthú agus leathadh speiceas ionrach, lena n-áirítear ó thrácht tógála agus oibrithe láithreáin atá ag taisteal chuig / ón láithreán tógála:***

***Maolú breise:*** Ba cheart don bhainistíocht an limistéar maolaithe 6210 R1 a athbhunú, ag baint úsáide as an mbanc síl atá ann, seachas barrithir a bhaint nó tuirbhí a thraslonnú, chun an riosca a mhaolú go ndéanfaí Abhainn na Gaillimhe a thruailliú le hábhar soladach ar fuaidreamh ón áit seo;

***Maolú breise:*** Na saoráidí cóireála ar an gcaighdeán is airde a shonraítear i dTreoirínte Bonneagair Iompair na hÉireann a shuiteáil, atá oiriúnach le scaoileadh go díreach isteach i sruthchúrsa Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, le haghaidh rith chun srutha bóthair le linn oibriú an bhóthair, le cothabháil rialta ar ghaistí siolta, lena n-áirítear dreidireacht agus baint siolta gafa lena dhiúscairt i láithreán séalaithe líonta talún;

***Maolú breise:*** A chinntiú nach gceadaítear láib a thógáil suas ar bhóithre tarraingthe agus ar bhóithre poiblí áit a bhféadfaí é a scuabadh isteach i Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000297), lena n-áirítear Abhainn na Gaillimhe;

***Maolú breise:*** Rialú deannaigh le linn imeachtaí pléasctha agus monatóireacht deannaigh laistigh de Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000297) le linn na tógála, go háirithe tar éis imeachtaí pléasctha, agus le hathbhreithnithe ar mhodhanna oibre / minicíocht pléasctha, más gá;

***Maolú breise:*** Laghdú ar an soilsíú ar an mbealach isteach thiar chuig tollán Leacaigh go dtí an t-íosmhéid dlíthiúil chun na leibhéil solais atá ann a choinneáil laistigh de Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000297);



Maolú breise: Caithear raon feidhme an Phlean Bainistíochta um Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha a leathnú chun speicis atá ina mbagairt fhéideartha ar phábháil aolchloiche agus gnáthóga larscribhinn I eile a áireamh, lena n-áirítear cotóinéastar (gach speiceas), (gach speiceas), buddleia, slá iomaire agus gabhrán fiáin;

Maolú breise: Níor chóir go gcuimseodh an meascán síolta / plandaithe speicis táscaire diúltacha do phábháil aolchloiche nó d'fhéarach cailcreach laistigh de 250 méadar ó Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód an Láithreáin: 000297), lena n-áirítear féar seagal ilbhliantúil, seamair bhán, seiceamar, feá agus buaircínigh, chomh maith le rialú ar speicis táscaire diúltacha eile laistigh de 100 méadar ón Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, mar atá liostaithe ag Wilson agus Fernandez (2013), mar shampla feochadán reatha agus buachalán, fad a bhíonn an fásra á bhunú féin ar an eastát bog (ar feadh dhá bhliain tar éis síolú);

Maolú breise: Monatóireacht agus bainistíocht ar speicis ionracha neamhdhúchasacha feadh chonair an bhealaigh cóngarach do Limistéar Loch Coirib faoi Chaomhnú Speisialta (Cód Láithreáin: 000297) idir Slabhra 9+100 agus Slabhra 11+400 le linn oibriú an bhóthair, lena n-áirítear na speicis bhreise atá liostaithe thuas;

Maolú breise: Trácht tógála ag taisteal chuig/as Gaillimh chun bóithre a tógadh le déanaí a úsáid go príomha le dearadh draenála nua-aimseartha (rialú truailithe) nó ag seachaint an R458, N67 agus N84 sa chás go ngabhann siad seo thar Láithreáin Eorpacha;

**Básmhaireacht, suaitheadh, díláithriú agus cailiteanas gnáthóige do speicis flóra agus fána atá mar chuid de dhaonraí cáilitheacha de Láithreán Eorpacha, agus laghdúithe nó díothacht áitiúil mar thoradh air.**

Maolú breise: Lochán a chur leis laistigh den limistéar feabhsúcháin gnáthóige scréachóg reilige/crú-ialtóg bheag gar do Chaisleán Menlo a bheidh oiriúnach le haghaidh cearc cheannann pórúcháin.

Maolú breise: A chinntiú go bhfuil pasáiste sábháilte ann do dhobharchúnna feadh gach sruthchúrsa a dheighleann an bóthar beartaithe le linn na tógála, lena n-áirítear seilfeanna do mhamaigh laistigh den lintéar nó dhá lintéar thirime 600 milliméadar comhthreomhar leis an sruthchúrsa, ceann gach taobh.

**Caillteanas nó meath ar an bhflóra agus ar na bhfána tacaíochta (nach bhfuil mar chuid den leas cáilitheach) laistigh de ghnáthóga a chailítear nó a dhíghrádaíonn le héifeachtaí iarmhartacha ar na gnáthóga de leas cáilitheacha agus ar fhána agus flóra na Láithreán Eorpach.**

Maolú breise: Ba cheart daonra Rhynchospora fusca a shainaithint, a mhapáil agus a chosaint le linn na céime tógála.

## **SCEIDEAL A DÓ**

Áireofar an speiceas neamhdhúchasach Fuchsia Fuchsia sp., héileatróp geimhridh sprús Sitceach, Picea sitchensis, an learóg Eorpach, Larix decidua, an péine contórtach Pinus contorta agus an péine Albanach Pinus Sylvestris sa phlean bainistíochta speiceas ionrach, mar aon leis an raithneach speiceas dúchasach Pteridium aquilinum agus an luachair bhog Juncus effusus chun a leathadh ón áit a bhfuil siad faoi láthair a theorannú.

Níor cheart go n-áireofaí speicis neamhdhúchasacha sa scéim plandaithe agus cuir cóngarach do Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Chuilinn.

### ***Gnáthógá Talún***

Is speiceas neamhdhúchasach ionrach é an péine Albanach ar fhraochmhá agus, dá bhrí sin, ní úsáidfear an speiceas seo mar phlandú scáthláin sa chuid thiar lastall d'Abhainn na Gaillimhe.

Cuir isteach tuilleadh sonraí maidir le síolú féaraigh a bheidh oiriúnach do na cineálacha ithreach ag seachaint speicis atá ina dtáscairí diúltacha ar ghnáthóga larscríbhinn I i gcás nach bhfuil siad flúirseach go háitiúil cheana féin, ar mhaithe le fraochmhá tirim/féarach aigéadach san iarthar agus féarach cailcreach san oirthear ó athghiniúint nádúrtha seachas meascáin síl cibé áit nach bhfuil creimeadh ithreach ina riosca mór.

Portaigh Mhaigh Chuilinn agus an tuarascáil ar Mheasúnú Oiriúnachta do speicis bhreise atá le háireamh sa phlean bainistíochta speiceas ionrach.

Tiomantas níos soiléire do bhainistíocht gnáthóg tailte portaigh agus gnáthóga tras-aistrithe/cruthaithe eile laistigh den eastát bog, go hidéalach go buan ar feadh shaolré an tionscadail.

### **Flóra**

Leathadh méid na sé speiceas plandaí leabhar dearg sonraí a shainaithint agus a mhapáil, chomh maith le bearta chun an cailiteanas a íoslághdú agus na limistéir choinnithe a chosaint trí fhálú, comharthaí agus a chinntiú go bhfuil an lucht saothair ar an eolas (cainteanna bosca uirlisí, srl), lena n-áirítear plandaí *Plasteurhynchium striatulum* ag limistéar maolaithe Mhionlaigh.

Má tá na plandaí *Plagiomnium cuspidatum* agus *Plasteurhynchium striatulum* a bhfuil tionchar díreach orthu ag fás ar fhoshraitheanna soghluaiste (carrageacha nó lomáin), ansin ba chóir iad seo a athshuí chuig fásra coinnithe, leis na dálaí comhshaoil ceannann céanna agus atá san áit a bhfuil siad faoi láthair, le monatóireacht leantach chun rath nó teip a dhearbhuí.

Aitheantas agus stádas dúchasach féar coirce móinéir *Helictotrichion pratense* agus an caorthann eanaigh *Valeriana dioica* a sheiceáil agus bearta cosanta a chur i bhfeidhm, más cuí.

### **Inveirteabraigh**

An chuid coinnithe den riasc ag an gCaisleán Gearr a chosaint le linn na tógála agus bearta a bheith curtha i bhfeidhm chun an réimeas hidreolaíoch atá ann a choinneáil mar cheann atá oiriúnach don seilide rinseach réisc.

Na habhantraigh insíothlaithe ag an gCaisleán Gearr a phlandú le fásra oiriúnach don seilide rinseach réisc le hidreolaíocht a athrófar chun a bheith oiriúnach agus feidhm na n-abhantrach á choinneáil.

Cnoic seangán a mbíonn tionchar ag an mbóthar orthu a aistriú chuig láithreán oiriúnach gabhdóra laistigh den eastát bog.

Gnáthóg oiriúnach a sholáthar do bheacha neadaithe (paistí féarach garbh) laistigh den eastát bog.

### ***Ialtóga***

Dhá bhosca ialtóg le suiteáil ar chrainn chomh gar agus is féidir do gach crann a leagadh agus a bhféadfadh fara ialtóg a bheith ann, ach amach ó charrbhealach an bhóthair atá beartaithe agus roimh dheireadh mhí Iúil i mbliain an leagain. Beidh boscaí na n-ialtóg ina meascán de chineálacha folmha (do chineálacha Liesler) agus glaisce (d'ialtóga feascracha) i gcomhréir leis an bhfara féideartha a cailleadh.

Gealltanais shoiléire maidir le faraí nua na n-ialtóg a chosaint, lena n-áirítear boscaí ialtóg, agus athsholáthar agus deisiúcháin déanta de réir mar is gá ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis na forbartha.

Monatóireacht go ceann deich mbliana tar éis na tógála.

### ***Mamaigh taobh amuigh d'ialtóga***

Pasáiste sábháilte a sholáthar tríd an láithreán tógála le linn uaireanta an dorchadais taobh le gach sruthchúrsa a thrasnaíonn an bóthar beartaithe, lena n-áirítear le linn suiteáil na lintéar.


Leaca le suiteáil i ngach lintéar hidrálach eile le leithead níos mó ná dhá mhéadar chun soláthar a dhéanamh do leathnú raoin amach anseo nó d' úsáid ócáideach ag dobharchú mar atá liostaithe ar leathanaigh 975 go 976, Tábla 11.30 den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, a chiallódh ocht struchtúr bhreise, agus chun pasáiste sábháilte a sholáthar don bhroc.

Teastaíonn monatóireacht bhreise ar éifeachtacht na ngealltanans comhshaoil”, mar shampla, de réir Threoirlínte Bhonneagar Iompair Éireann maidir le dobharchúnna ina moltar monatóireacht ráithiúil ar feadh bliana ar a laghad chun riocht agus éifeachtúlacht na leaca atá suiteáilte i lintéir a sheiceáil; i bhfianaise scála an tionscadail; ba cheart go leanfadh an mhonatóireacht ar feadh trí bliana ar a laghad agus ba cheart cothabháil na leaca a ionchorprú sa chlár ginearálta cothabhála bóthair.

Na locháin a cailleadh de bharr an bhóthair atá beartaithe a athsholáthar in áit eile san eastát bog, lena n-áirítear ag an limistéar maolaithe scréachóg reilige/crú-ialtóg bheag ag Caisleán Mhionlaigh.


Struchtúir a d'fhéadfadh a bheith ina gcréif chun amfaibiaigh a threorú i dtreo na dtollán agus na lintéar san áit ina mbíonn siad seo cóngarach do locháin.

**Chris McGarry**



**Ball den Bhord Pleanála atá  
údaraithe go cuí chun séala  
an Bhoird a fhíordheimhniú.**

Arna dhátú an *5<sup>th</sup>* lá seo de *December* 2021



An  
Bord  
Pleanála

**Board Order**  
**ABP-302848-18**

**Roads Acts, 1993 to 2015**

**Planning and Development Acts, 2000 to 2020**

**Planning Authority: Galway County Council**

**Application** by Galway County Council for approval under section 51 of the Roads Act 1993, as amended, in accordance with plans and particulars, including an Environmental Impact Assessment Report and a Natura Impact Statement, lodged with An Bord Pleanála on the 23<sup>rd</sup> day of October, 2018, as amended by the further information received by An Bord Pleanála on the 30<sup>th</sup> day of August, 2019.

**Proposed Road Development:** Proposed road development consisting of:

